



Dialann Mhóire

Nuachtlitir Chomharchumann Dhún Chaoin • Nollaig 2010

Comharchumann Forbartha Dhún Chaoin

Tá 92 ball ag an gComharchumann agus é mar aidhm aige forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha a dhéanamh ar Pharóiste Dhún Chaoin. Tá an Comharchumann cláraithe leis an gClárúitheoir do Chumainn Carthanachta.

Obair an Chomharchumann

Bhíonn obair éagsúil ar siúl ag an Comharchumann gach bliain agus tá spriocanna curtha rompu ag an gCoiste Gníomhach.

An Ghaeilge

An saibhreas Gaeilge atá riamh sa pharóiste a chuthú agus a fhorbairt.

Imeachtaí Sóisialta

- Ócáid sóisialta a eagrú ar Lá le Gobnait (11ú Feabhra).
- Dinnéar na Nollag don bparóiste a eagrú agus a mhaoiniú.
- Cabhrú le lón míosúil a chur ar fáil do sheanóirí an pharóiste.
- Ráiseanna Capaill a chur ar siúl i dTig Kruger sa samhradh.

Teangmháil

- Iris an phobail, *Dialann Mhóire*, a fhoilsiú cúpla uair sa bhliain.
- Suíomh idirlín www.dunchaoin.com a chruthú agus a chothú.
- Seirbhís leathan bhanda a thairgiú don bparóiste.

An Timpeallacht

- Mapa a cur ar fáil do Shiúlóid na Cille.
- Scéim Obair Tuaithe a bhainistiú i gcomhar le Comhar Dhuibhne.
- Comharthaí bailte fearainn atá curtha in airde a mhaisiú le bláthanna.
- Súil a choiméad ar chosaint na timpeallachta agus ar an gcaighdeán maireachtála sa pharóiste.

Forbairt

- Aighneachtaí a ullmhú agus a sheoladh go dtí eagraíochtaí stáit agus an rialtas áitiúil.
- Urraíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí i Scoil Dhún Chaoin.
- Bronnadh agus céiliúradh a dhéanamh ar phearsan na bliana.

An Coiste Gníomhach

Seo iad na baill fé láthair

Marcas MacDomhnaill (Cathaoirleach),
Pádraig Ó Sé (Leas-Chathaoirleach),
Peigí Mistéal (Rúnaí), Caitlín Firtéir (Cisteoir),
Doncha Ó Conchúir, Feargal Mac Amhlaoibh,
Matt Mac Carthaigh, Fionán Ó hÓgáin,
Lorcán Ó Slattara, Seán Ó Cinnéide.



Buaiteoirí Chorn an Bhab

Nicóle Ní Dhubhshláine agus Liam Ó hÓgáin leis an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, Pat Carey, TD.

Na Bailte Fearainn i nDún Chaoin



Tá Dún Chaoin roinnte in dhá baile fearainn déag mar a chítear ar an mapa atá leis seo: Ceathrú an Fheirtéirigh, Baile na hAbha, Baile an Teampaill, Baile na Rátha, Baile Icín, Com Díneol, Cuimín, Gleann Luic, Gleann Mór, Baile Bhíocáire (tá an tSeanntóir lastuigh do Bhaile Bhíocáire) agus na hOileáin.

Níl fhios ag na saineolaithe cathain a bhunaíodh na bailte fearainn mar atá siad anois ach tá siad ann ar a laighead ó aimsir na Normánach. Baineann na hainmneacha le iarsmaí bundúchais, mar shampla, Baile na Rátha (go bhfuil beagán riain don ráth ann fós ar Bhóithrín na Marbh) agus le ainmneacha daoine atá imithe le fada, mar shampla, Com Díneol agus Baile Icín chomh maith leis an dtímpeallacht, mar shampla, Baile na hAbha, Baile an Ghleanna agus An Gleann Mór. Tá sé spéisiúil go mbaineann dhá bhaile fearainn leis an eaglais, Baile Bhíocáire agus Baile an Teampaill. Bhí sé de nós ag na mainistir sagart a chur amach chun freastal ar na ceantair a bhí tamall ón mainistir agus ghlaotáí bhíocáire (*vicar*) ar an nduine sin. Tugtaí talamh don nduine chun maireachtaint air, sé sin an gléib (an tSeanntóir), agus is dócha go raibh teacht isteach leis aige ón gcuid eile don mbaile fearainn. Maidir le Baile an Teampaill, tá an cuma air gur bhronn na Feirtéirigh, na tiarnaí sa dúthaigh idir an tríú chéad déag agus an seachtó chéad déag, an talamh seo ar an eaglais chun séipéal a thógaint ann agus tá fothrach an tséipéil fós ann sa sean-reilig. Choimeád na Feirtéirigh baile fearainn amháin dóibh fhéin sa pharóiste, sé sin, Ceathrú an Fheirtéirigh, ach is dócha go raibh cónaí orthu ó thuaidh san áit ina bhfuil an caisleán ar an mBaile Uachtarach.

Tá sé suimiúil chomh maith, má's fíor an míniú atá ag údair áirithe, go bhfuil tagairt don bhandia, Mór, ar a laghad trí n-uaire sa pharóiste, Tígh Mhóire i mBaile Bhíocáire, An Fhail Mhóir agus an Dún Mór. Ba bhandia dos na Tuatha Dé Danann í agus bean chéile Dhaghda agus duine an-chumhachtach í. Tá Cuas Aonghuis idir an Dún Mór agus Baile Icín – mac Dhaghda ab ea Aonghus. Caithfidh go raibh ómós fé leith don Tuatha Dé Danann ag na daoine a chuir ainmneacha ar na láthaireacha sa pharóiste fadó.


Seo rann atá coitianta sa pharóiste mar gheall ar na bailte fearainn:

Com, Com, Com an éithigh,
Baile Bhíocáire na bpocán ag méiligh,
Gleann Loic na muca méithe,
Baile an Ghleanna na meadracha ghéigeal,
Baile Icín na mísmín caorach,
Muileann, Muileann císte mór mine,
Baile na Rátha na bláthaí géire
Ceathrú – Ceathrú an Fheirtéaraigh,
Baile an hAbha, baile cois abhann, baile beag briste lámh
le huisce, is mná gan tuiscint ann.

— *Seanfhocail na Mumhan, An Seabhad.*

(Nóta: Tá an Muileann ar an gCuimín.)

- 1 An Cheathrú
- 2 Baile na Rátha Thuaidh
- 3 Baile Icín
- 4 Com Dhíneoil
- 5 Baile na Rátha Theas
- 6 Baile an Ghleanna
- 7 An tSeanntóir
- 8 An Coimín Theas
- 9 Baile Bhíocáire
- 10 Gleann Loic
- 11 An Coimín Thuaidh
- 12 Baile an Teampaill
- 13 An Gleann Mór
- 14 Coimín Bhaile na hAbha
- 15 Na Blascaodaí



Na Séipéil i nDún Chaoin

Címid sna Bailte Fearainn go bhfuil an cuma air go raibh baint mór ag an eaglais leis an bparóiste riamh. Deirtear go raibh an chéad séipéal ag Cill Gobnait agus, má's fíor na scéalta, mhair an naomh sin i nDún Chaoin sa séú céad. Ansin tá dhá Chill eile sa pharóiste, Cill Ósró i mBaile an Ghleanna agus Cill Tiocháin i nGleann Loic, agus caithfidh go bhfuil siad san ársa chomh maith. Níl aon eolas againn mar gheall ar an dá naomh sin.

Tá fothrach do shéipéil sa teampaill i mBaile an Teampaill agus tá sé ann ó dheireanach sa thríú céad déag ach bhí sé ina fhothrach fé 1756 nuair a dhein Smith cur síos air. Tá tamall ansin agus ní fios cá mbíodh Aifreann ach do thóg an tAth Ó Cathasaigh séipéal beag thiar in aice le Béal Átha (san áit go bhfuil tigh Mhéiní inniu) am éigin tímpeall 1830. Dúirt Seán Ó Dálaigh mar gheall air ina leabhar *Tímpeall Chinn Sléibhe*, "Sáipéilín ana-bheag dob ea é. Mara mbeadh go raibh lochta air, agus go dtéigheadh cuid den bpobul anáirde ann nuair a bhíodh an tAifreann ar siubhal, ní bhfaghadh leath na ndaoine slí ar an úrlár ann. Bhí sé ina thigh is 'na sháipéal aige." Cuimhnigh go raibh breis agus míle dhá chéad Caitliceach sa pharóiste ag an am. D'fhág an tAth Ó Cathasaigh an paróiste i 1844 agus thit an díon isteach ar an séipéal tamall ina dhiaidh sin.

Tógadh an séipéal atá inniu ann sa bhliain 1857 fé stiúir an Ath Pádraig Ó Mongáin. Ar feadh tamall roimhe sin bhíodh an tAifreann i dtigh mhuintire, mar shampla, tigh mhuintir Uí Laighin, Baile na Rátha, tigh mhuintir Mhistéil, Ceathrú nó tigh Shéamuis Uí Dhálaigh. 'Siad muintir an pharóiste a dhein formhór na hoibre saor in aisce agus bhaineadar na clocha ón gcóiréal i dtalamh an Chathasaigh taobh thoir don séipéal agus thógadar iad ón nGleann Mór freisin. Tá obair cothabhála déanta ar an séipéal go minic ó shoin ach fanann sé mar chomhra ar chreideamh agus ar dhíograis phobail Dhún Chaoin.

Míle bhuíochas do mhuintir Chorca Dhuibhne (Dún Chaoin is Scoil Naomh Gobnait go háirithe), as a dtacaíocht ar fad i rith 2010, is mé ag bailiú airgid ar mhaithe le leanaí Chernobyl. Chaitheas an t-airgead ar rudaí bunúsacha a bhí de dhíth orthu, sa tseomra fiacloíreachta istigh sa díleachtann nuair a thugas cuairt ar Vesnova i mBelarús i mí Deireadh Fómhair. Bhíodar an-bhuíoch do mhuintir Chiarraí as cabhrú leo. Bíonn rudaí deacair dóibh i gcónaí is na pragheasanna céanna acu is atá in Éirinn againn, cé nach mbíonn ach an deichiú cuid den méan tuarastal againne ar fáil acu. Agus an Rúisis atá ar fiacloir ná *stoma tulach!*

— Marcas Mac Domhnaill.

Daonra an Pharóiste 1821-1911

Bhí 159 duine ag maireachtaint i nDún Chaoin de réir an daonáireamh 2006 agus is titim suntasach é sin ón méid daoine a bhí ina gcónaí ann dhá chéad bliain ó shoin. D'fhás an paróiste ó bhreis agus míle duine i 1821 go dtí geall leis 1400 díreach roimh an Gorta ach de bharr an dubh ar na prátaí agus galair eile a lean é, do bhí athrú lúide 48% sa daonra go dtí 722 fé'n mbliain 1851. Cé gur tháinig feabhas beag ar na huimhreacha ins na blianta go dtí 1881, tá sé soiléir go raibh tionchur ag an imirce ón am sin amach agus ní raibh an oiread daoine riamh arís sa pharóiste.

Tá sé speisiúil daonra na bailte fearainn a scrúdú ó 1835 go dtí

1911 ag féachaint ar an titim agus an fás ar na huimhreacha thar na mblianta. 'Sé Baile Ícín an baile is mó daonra a bhí ann suas go dtí 1851 agus Ceathrú an Fheirtéirigh sa dara áit. (Tabhair fé ndeara go bhfuil Baile an Teampaill curtha isteach le Baile na hAbha ag an tAth Ó Cathasaigh sa bhliain 1835.) Bhí daoine ina gcónaí in áit nach bhfuil éinne inniu, mar shampla, ar na coimíní agus i mBaile na Rátha Theas, agus ní raibh daoine in áit go bhfuil siad inniu cosúil leis an Gleann Mór. Tá an cuma air gur dhein an Gorta scrios i mBaile na Rátha Theas mar ná raibh éinne fágtha ann i 1851. Bhí daonra láidir ar an mBlascaod Mór agus fiú 4 ar Inis na Bró i 1851. Siad fir an tigh solais a bhí ar an dTiaracht ó 1871 ar aghaidh.

Tá cruatan, buairt agus anró taobh thiar dos na figiúirí seo. Lastuigh do chéad bhliain laghdaigh daonra an pharóiste go dtí a leath agus is féidir linn a shamhlú gur fhulaing na daoine go cruaidh lena linn sin. Tá fhios againn ós na cuntaisí scríte ag an am go raibh formhór na ndaoine bocht agus nach raibh aon chosaint acu roimis an gorta agus na breoiteachtaí a lean é agus is trua héalach mar a bhuaileadh iad. Tháinig cuid acu slán agus tá a sliocht fós in ár measc.

DAONRA PHARÓISTE DHÚN CHAOIN SA NAOÚ CÉAD DÉAG

Bliain	1835 [†]	1841	1851	1861	1871	1881	1891	1901	1911
Baile Fearainn									
Baile an Ghleanna	109	76	42	44	53	36	43	39	39
Baile an Teampaill		84	13	13	12	11	18	25	26
Baile Ícín	223	240	78	49	28	33	33	29	34
Baile na hAbha	189	81	32	39	47	40	44	43	34
Baile na Rátha Thuaidh	95	67	51	62	44	49	43	29	29
Baile na Rátha Theas		40	0	0	0	0	0	0	0
Cuimín Bhailcín	18	27	26	16	31	15	18	18	16
Cuimín Thuaidh *		0	7	10	10	11	15	10	5
Cuimín Theas *		0	0	0	0	0	0	0	0
Comíneol Thuaidh	153	138	53	62	56	62	60	53	45
Comíneol Theas		76	50	28	25	35	30	34	20
Ceathrú an Fheirtéirigh	177	170	148	120	127	136	123	127	95
Gleann Luic	50	58	49	28	35	21	25	23	22
Gleann Mór	65	67	10	0	0	0	0	0	0
Seanatóir (Gléib)	24	32	17	4	7	0	6	12	13
Baile Bhíocáire	73	82	37	44	33	49	28	30	35
An Blascaod Mór	122	153	97	95	130	136	132	145	160
Inis Mhicileáin		3	8	3	8	12	7	6	0
Inis na Bró		0	4	0	0	0	0	0	0
An Tiaracht		0	0	0	4	13	10	3	3
Iomlán	1298	1394	722	617	650	659	635	626	576

[†] Daonáireamh déanta ag an Ath Ó Cathasaigh, Sagart Paróiste i mBaile an Fheirtéirigh.

* Cliathán agus bun Shliabh an Fhiolair.


Na Sicíní

Mí an Mheithimh seo caite, dúirt Máirín agus Áine go mbeadh goraán sa scoil. Bhí sceitíminí an domhain orm. Tháinig Greg isteach agus thug sé deich gcinn de uibhe don scoil. Thug sé póstaer dúinn mar gheall ar na sicíní leis. Chuireamar na huibhe sa ghoradán ar an 12.05.2010. Fiche haon lá ina dhiaidh sin ar an 3ú Meitheamh tháinig naoi sicín ar an saol. Bhí Rock and Roll, Dubhailín, Nóinín, Jenny, Custard, Jack in the Box, Meitheamh agus (cúpla ceann eile nach cuimhin liom a n-ainmneacha) go hiontach ar fad! Don gcéad cúpla lá chaitheamar iad a choimeád sa ghoradán. Fuair Máirín bosca mór, babhla do uisce agus tráidire bia i gcomhair na sicíní. Chuireamar solas os cionn an bhosca.

Ar dtús bhí na sicíní ana bheag ach thosnaigh siad ag eirí níos mó gach lá. Bhí siad ag déanamh ualach caca gach lá!!! agus chaitheamar an bosca a ghlanadh go rialta. Níor thaitin an jab le héinne. Dúirt Máirín go raibh cead ag Nicole trí shicín a bheith aici mar bhí a lá breithe ann ar an lá céanna a saolaíodh na sicíní. Thug sí Jenny, Dubhailín agus Rock and Roll di. Bhí sé in am dos na sicíní a bhí fágtha dul go dtí tigh Ghreg. Bhí brón orm.

– Aoife Ní Icí

Rang a 4, Scoil Dhún Chaoin



Aoife Ní Icí le sicín agus Eoin Ó Slatara ag faire ar na huibhe sa ghoradán.





Gradam Mór do Mhicheál de Mórdha

Bronnadh gradam mór ar Mhicheál i rith na bliana nuair a toghadh é mar Uachtarán ar an tOireachtas, an príomh fhéile Ghaelach sa bhliain. Tá an-aithne air mar bhainisteoir ar Ionad an Bhlascaoid agus bhí sé gníomhach i gCumann Turasoíreacht Chorca Dhuibhne.

Ina theannta sin, tá sé ina chathaoirleach ar an gcoiste áitiúil do Fhéile Pan Ceilteach 2011.



Sliocht Sleachta ar Shliocht Bhur Sleachta

Phós Pádraig (Páidí) Ó Dálaigh ó Bhaile Icín agus Colma Nic Niallais ós na Doirí Beaga, Tír Conaill ar an Satharn, 23ú Deire Fómhair. Guímid saol fada, suaimhneach le chéile orthu.

Buaiteoirí ag Oireachtas 2010

Triúr ó Scoil Naomh Gobnait ag céiliúradh an gaisce a dheineadar ag an Oireachtas i gCill Árne. Bhain Pádraig Ó hÓgáin an dara áit amach sa chomórtas scéalaíochta fé dhá bhliain déag agus fuair Ciadhra Ní Shé agus Tríona Ní Shúilleabháin ath-ghlaoch sa chomórtas amhránaíochta fé dhá bhliain déag.



Pádraig (Páidín) Ó Néill (1935-2010)

Bhí cáil mhór ar Pháidín mar óstóir fáilteach, fial, flathiúil ina thigh tabhairne, Tigh Kruger, a fuair sé mar oidhreacht ón a uncail. Is ann a mhair sé go sona lena bhean, Maighreád, agus a mac, Muiris, go dtí gur bhuail droch shláinte é sna blianta deireanacha. Deirimid comhbhrón ó chroí leo agus guímid suaimhneas síoraí ar a anam.



Will Russell (Liam Ruiséal) (1946-2010)

Tháinig Will agus a bhean, Mundy, chun chónaí sa pharóiste nuair a cheannaíodar gabhaltas Uí Shuilleabháin agus an tigh i mBaile na Rátha sa bhliain 2005. Fear croí-oscailte, dílis ab ea é a chuaigh i bhfeidhm ar dhaoine go tapaidh. Thug sé léas do Scoil Dhún Chaoin ar pháirc caide agus bhí sé i gcónaí ag faire amach do slite chun teacht i gcabhair ar na comharsana. Fuair sé bás ina thigh cónaithe i Vermont tar éis breoiteacht an-ghearr. Deirimid comhbhrón ó chroí lena bhean agus lena gclann.



Eibhlín Uí Shé (1927-2010)

D'imigh Eibhlín Uí Shé uainn ar an 6ú Samhain. Ba bhean umhal, uasal í a chuir fáilte roimh gach duine go dtí a tigh agus a bhí fial, flathiúil i gcónaí. Tháinig Eibhlín chun cónaí ar an gCeathrú nuair a bhí sí ina bean óg agus do phós sí Micé Bán Ó Sé ón gCom. Bhí beirt mhuirir orthu, Áine, atá ina múinteoir i Scoil Naomh Gobnait, agus Pádraig, atá ag obair le Ráidíó na Gaeltachta. Bhí aithne ag an saol mór ar Eibhlín mar go mbíodh daoine ag fanacht aici ag foghlaim Gaeilge agus, comh maith, bhí stór mór scéalta aici mar gheall ar a saol agus na heachtraí a chonaic sí i nDún Chaoin. Deinimid comhbhrón ó chroí le hÁine, Pádraig, agus a gclanna, agus le gaolta agus cairde Eibhlín. Go dtabhfáidh Dia suaimhneas síoraí da hanam.